# CORPARÁID NA GAILLIMHE

# FODHLÍTHE UM FHEITHICLÍ SCAIRDSCIÁLA, 2001.

**Arna ndéanamh ag an Méara, Bardasaigh agus Buirgéisigh Chontaebhuirg na Gaillimhe an 17 Meán Fómhair, 2001**

Leis seo, cuireann Corparáid na Gaillimhe, de réir fhorálacha Chuid VII d'Acht Rialtais Áitiúil, 1994, fodhlíthe chun feidhme lena rialaítear an úsáid d'fheithiclí scairdsciála laistigh de Chontaebhuirg na Gaillimhe. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an 1 Samhain, 2001.

## 1 LÉIRMHÍNIÚ

(a) Ciallaíonn "feithicil scairdsciála" árthach pléisiúir chumhachtoibrithe a thiomáintear le scaird uisce, a bhfuil an cumas aige de ghnáth duine amháin nó níos mó a iompar, ar luas ard, a d'fhéadfadh a bheith ina chontúirt do dhaoine san uisce nó in aice leis, in aon limistéar, nó ina chontúirt d'árthach dromchla in aon limistéar agus áireofar ann árthach uisce pearsanta.

(b) Ciallaíonn "Contaebhuirg" Contaebhuirg na Gaillimhe.

**(c)** Áireofar le "Fostaí na Corparáide" gach Cigire, Maor, Garda Tarrthála nó Duine eile atá fostaithe ag Corparáid na Gaillimhe agus ar tugadh an t-údarú cuí dó chun na fodhlíthe seo a riar agus a fhorfheidhmiú.

(d) Ciallaíonn "Duine Údaraithe" duine ar thug Corparáid na Gaillimhe údarú i scríbhinn dó chun críocha na bhfodhlíthe seo.

(e) Ciallaíonn "Limistéar Ainmnithe" limistéar atá ainmnithe de bhun Fhodhlí Uimh. 2.

(f) Sna fodhlíthe seo, maidir le haon tagairt do "feithicil scairdsciála" measfar go bhfuil tagairt á dhéanamh d'árthach uisce pearsanta freisin.

## 2 RIALÁIL NA bhFEITHICILÍ SCAIRDSCIÁLA

(a) Faoi réir fhodhlí Uimh. 2 (b), ní thabharfaidh aon duine feithicil scairdsciála nó bád mearchumhachta isteach, nó ní bheidh feithicil scairdsciála nó bád mearchumhachta faoina smacht aige ar aon uisce (seachas uiscí príobháideacha) laistigh de Chontaebhuirg na Gaillimhe.

(b) Féadfaidh Corparáid na Gaillimhe ceantair laistigh den Chontaebhuirg a ainmniú (seachas aon limistéar ar Abhainn na Gaillimhe), sa bhreis ar thréimhsí ama maidir le limistéir den sórt sin, ina gceadaítear feithiclí scairdsciála a úsáid agus ag an am a cheadaítear iad a úsáid. Ní bheidh feidhm ag fodhlí Uimh. 2 (a) thuas maidir le limistéir agus tréimhsí ama a bheidh ainmnithe amhlaidh faoin bhfodhlí seo. Beidh aon ainmniú faoin bhfodhlí seo de bhun cinnidh ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

## 3 CIONTA AGUS FORFHEIDHMIÚ

(a) Ní mór do dhuine ar bith a úsáideann feithicil scairdsciála nó bád innill sa Chontaebhuirg a sháraíonn na fodhlíthe seo é a bhaint as an uisce má údaraíonn duine a bhfuil an t-údarú cuí aige nó fostaí de chuid na Corparáide nó ball den Gharda Síochána.

(b) Beidh aon duine a sháróidh foráil de na fodhlíthe seo ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,000 [€1,270] a chur air nó uirthi. .

(c) Má leantar de na fodhlíthe seo a shárú tar éis an chiontaithe, beidh na daoine is cúis leis an sárú ciontach i gcion eile agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £100 [€127 ] in aghaidh an lae, a chur air nó uirthi.

(d) Beidh duine a choiscfidh nó a bhacfaidh nó a dhiúltóidh géilleadh d’iarraidh ó bhall den Gharda Síochána nó de dhuine údaraithe atá ag gníomhú i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna, a thugtar do dhuine údaraithe nó d’fhostaí na Corparáide leis na fodhlíthe, seo ciontach i gcion.

(e) I gcás go bhfuil duine údaraithe nó fostaí de chuid na Corparáide nó ball de Gharda Síochána den tuairim go bhfuil cion, lena mbaineann na fodhlíthe seo, á dhéanamh ag duine nó déanta aige nó aici, féadfaidh an duine údaraithe nó fostaí na Corparáide nó an Garda Síochána, de réir mar a bheidh, iarradh ar ainm agus seoladh den duine sin agus má dhiúltaítear don éileamh seo nó má thugann an duine ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, beidh an duine ciontach i gcion.

## 4 EISIAIMH

Ní bheidh feidhm ag na fodhlíthe seo maidir le feithiclí scairdsciála nó báid mhearchumhachta atá i seilbh an Gharda Síochána agus a úsáidtear go hiomlán ag ball den Gharda Síochána i bhfeidhmiú a dhualgas, nó á choimeád nó á fheidhmiú ag Seirbhís Éigeandála Mara na hÉireann, Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála, Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair, nó árthach eile a bheidh baint aige le cásanna éigeandála, forfheidhmithe nó tarrthála bona fide.